



Nuachtlitir na Nollag 2014

Páistí a bhíonn déanach & a théann abhaile luath/Children who arrive late or leave early:

De bharr cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta:

Má thagann do pháiste ar scoil déanach ar maidin, ba chóir an bhileog chúí a shíniú leis an bhfáth a mhíniú. Tá sé seo tábhachtach, ar fhaitíos go mbíonn an rolla glaoite sula dtagann an páiste ar scoil. Má bhíonn druil tine, ní bheadh ainm an pháiste ar an rolla. Sa chás gur gá d'aon pháiste dul abhaile luath, caithfidh an tuismitheoir an bhileog a shíniú chomh maith.

For Health and Safety reasons:

If your child is late in the morning, please leave him/her at the reception area to go to their class alone while you sign the "late arrivals" form. This is important in the event of a fire drill as your child's name may not be marked present on the school roll book. The same applies for children who leave school early. The form must be signed by the parent. This procedure was introduced in the best interest of your child's safety. Your co-operation would be appreciated. Míle buíochas.

Airgead le n-íoc/ Monies owed:

An féidir libh na táillí don bhliain a íoc chomh luath agus is féidir, le bhur dtoil?

Can all outstanding bills for the current school year be paid as soon as possible, please?

Timpistí/Accidents:

I nGaelscoil Uí Earcáin, déanaimid ár ndícheall aire a thabhairt do pháistí agus timpistí a sheachaint. Tuigimid go léir go dtarlaíonn timpistí agus nuair a tharlaíonn siad, tá córas i bhfeidhm chun déileáil leo. Maidir le páistí a fhaigheann buille sa chloigeann nó páiste a ghortaíonn iad féin go dona sa chlós, seolfar téacs abhaile le tú a chur ar an eol. Sa chás go mbíonn an scoil buartha faoi do pháiste déanfar gach iarracht dul i dteagmháil leat ar an bhfón. *In Gaelscoil Uí Earcáin, we strive to look after the children in our care and do our best to avoid accidents. We all understand, however that accidents do occur and the school has a system in place to deal with them. In relation to a child that receives a bang to the head or hurts themselves significantly on the yard, a text will be sent to let you know. You may, of course, contact the school in this instance. If we are concerned about your child, every effort will be made to contact the parent/guardian by phone.*

Oíche Shamhna/Halloween



Bhí an-spraoi agus spóirt againn ar Aoine Oíche Shamhna. Maith sibh a pháistí! Bhí sé iontach na culaithe bréaga go léir a fheiceáil ar an lá. Bailíodh €3258.56 ón siúlóid urraithe! Míle buíochas do gach duine don tacaíocht ar fad!!! Tá sé seo chun cuidiú le fearas teicneolaíochta a cheannach don scoil. Má tá aon airgead fós agaibh an féidir é a sheoladh isteach. *A great day was had by all on our Halloween Friday. Well done everyone! It was great to see all the wonderful costumes on the day. The sponsored walk raised €3258.56! Many thanks for all your support!!! This will go towards I.T. equipment in the school. If there is any outstanding sponsorship money, can you send it in as soon as possible?*



Cnónna/Nuts

Meabhraítear do chuile dhuine arís **nach bhfuil cead cnónna a thabhairt isteach ar scoil ná aon táirgí le cnónna iontu.** Beidh cóisirí glóthacha agus grán rósta amháin ceadaithe ag cóisirí scoile as seo amach. *We remind you that all nuts and nut products are strictly banned in the school. Only jellies and popcorn will be allowed at school parties from now on.*

Cnoc Coipéar/ Copper Mountain:

Tá Cnoc Coipéar againn sa scoil. Bíonn muid go léir ag iarraidh réidh a fháil leis an sóinseáil a líonann ár bpócaí agus nach mbíonn muid in ann a chaitheamh riamh. Anois, tá seans agat-tabhair an sóinseáil don scoil! Seol an t-airgead isteach le do pháiste le dul sa phota in aice le háit an rúnaí. Ta an t-airgead seo ag dul i dtreo leabhair léitheoireachta Gaeilge. Míle buíochas!

We have a Copper Mountain in the school. We would all like to get rid of that loose change that always weighs down our pockets. Well here's your chance, give your coppers to the school! Simply send it in to the school with your child to be put in the pot next to the office. Keep collecting the loose change please. This will add to our stock of Irish reading books. Thanks!

Ticéid Bhus Átha Cliath/ Dublin Bus Tickets:

Iarraimid oraibh gan ticéid Bhus Átha Cliath a chaitheamh amach, ach le bhur dtoil iad a bhronnadh ar an scoil. Is cabhair mór é seo do bhillí laethúla na scoile. *Please don't bin unclaimed bus tickets. The school would very much appreciate you donating them. This money is a great help to the daily running of the school.*

Seirbhís carúil/ Carol Service



Tá an Nollaig ag druidim! Beidh cúig sheirbhís carúil na Nollag ar siúl i mbliana sa scoil. Beidh na seirbhísí carúla ar siúl i halla na scoile. Beidh ceolchoirm uile scoile againn le seans a thabhairt do na páistí a gcuid deartháireacha 'is deirfiúracha a fheiceáil. Tá súil againn go bhfeicimid ann sibh!

The holidays are coming! Five Christmas carol services will be held this year in the school. The

dates are as follows. We will have a whole school concert so that the children can see brothers and sisters. We look forward to seeing you at the carol service!

	Dáta	Ranganna	Éadaí/Clothes
2pm	11/12/14	Rang 4, 5 & 6	Geansaí Nollaig agus hata Nollag/ Christmas Jumper and Santa hat
2pm	12/12/14	Rang 2A, 2B & Rang 3	Geansaí Nollaig agus hata Nollag/ Christmas Jumper and Santa hat
2pm	15/12/14	Rang 1A & 1B	Culaith spóirt agus hata Nollag/ Tracksuit and Santa hat
1pm	16/12/14	Naíonáin Mhóra (A & B)	Culaith spóirt agus hata Nollag/ Tracksuit and Santa hat
1pm	17/12/14	Naíonáin Bheaga (A, B & C)	Culaith spóirt /Tracksuit

Féilire/ Calendar 2015

Go raibh míle maith agaibh as na páistí a sheoladh isteach gléasta don ghrianghraif! Beidh siad ar díol ag na ceolchoirmeacha Nollag. *Many thanks for sending the children in dressed for the photo shoot! The calendars will be sold at the Christmas Concerts.*



Cóip amháin/ 1 copy =	€7.00
Dhá chóip/ 2 copies =	€12.00
Trí chóip/ 3 copies =	€17.00
Cheithre chóip/ 4 copies =	€20.00 (Praghas speisialta)

Subh agus Marmaláid ar Díol/ Jam and Marmalade for Sale

Beidh potaí subha baile agus potaí marmaláide baile ar díol ag na seirbhísí carúla ar €4. Go raibh céad maith agat do Denise a rinne agus atá sásta an t-airgead a chur i dtreo turas scoile Rang 5 agus 6, táimid fíorbhuíoch aisti bheith chomh fláithiúil. *Pots of homemade jam and marmalade will be available for €4 at the Carol Services. Many thanks to Denise Jackson (Mamáí Daithí & Ciara) for making them and for putting any money raised towards the 5th and 6th class school tour. We are very grateful for her generosity.*

Féach suíomhanna www.cnagsiopa.com nó litríocht.com do leabhair do pháistí i nGaeilge an Nollaig seo. Check out sites like www.cnagsiopa.com and litríocht.com for books in Irish for kids this Christmas.

Maoiniú/Funding

Tá leabhair Ghaeilge nua ceannaithe ag an scoil faoi dheontas ó Fhoras na Gaeilge. Leabhair áille is ea iad a bhfuil clúdach de dhíth orthu roimh an athbhliain. Má tá fiú leathuair agat le cúpla leabhar a chlúdú, an féidir labhairt leis an oifig nó le Múinteoir Ciara. *The school has bought new Irish books under a grant from Foras na Gaeilge. These lovely looks need to be covered for use in January. If you have even a half hour to spare to cover a few books, please speak to the office or Múinteoir Ciara. Many thanks!*

Jack and Jill

Tá seanghutháin phóca á mbailiú ag an scoil ar mhaithe le hairgead a bhailiú le 'defibulator' a cheannach don scoil. Bheimis buíoch dá bhfágfadh sibh aon sheanghuthán ag áit an rúnaí nó sna clúdacha a rachaidh amach i ndiaidh na Nollag. Má scríobhann tu d'ainm ar an gclúdach, rachaidh tú isteach i gcrannchur le turas go Disneyland i mí na Márta a bhaint. *The school is collecting any old mobile phones for the Jack and Jill foundation to buy a defibulator for the school. We'd be grateful if you could leave any old mobile phones at the secretary's office or in the envelopes that will be sent home after Christmas. If you fill out the envelope you will be entered into a draw to win a trip to Disneyland in March!*


Nuacht na Naíonán Beag/ News from JR Infants

Tá ár bpáistí is óige ag obair go tréan ar a gcuid Gaeilge agus tá ag éirí go hiontach leo. Táimid ag baint suilt as ár seomra AISTEAR nua. Bhíomar ag spraoi



le blocanna móra, gaineamh, cluichí boird agus sa chúinne ról-imirt an mhí seo caite. Tá sé athruithe isteach i gceardlann Dhaidí na Nollaig an mhí seo!. Míle buíochas do na múinteoirí a chaith ana-chuid ama ag obair ar seomra 8.

Our youngest children are working hard on their Irish and are getting on wonderfully. We're really enjoying our new AISTEAR room. We were playing with blocks, sand, board games and in the role-play corner this month. We have converted the room into Santa's Workshop for December. Many thanks to the teachers for spending so much time working on room 8.



Briseadh Na Nollaig / Christmas Term Break:

Dúnfaidh an scoil ar an **Aoine, 19 Nollaig 2014**. Beidh an scoil ar oscailt arís **Dé Luain, 5 Eanáir 2014**. *The school will close on Friday, 19 December 2014.*

The school will re-open on Monday, 5 January 2015.

Rachaidh na naíonáin bheaga agus naíonáin mhóra ag **11:45** agus rachaidh na ranganna eile abhaile ag **12**.

The Junior and Senior Infants will go home at 11:45 and the other classes at noon.

**Nollaig Shona agus
athbhliain faoi shéan is
faoi mhaise ó
Ghaelscoil Uí Earcáin**